Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2010**

# Staidéar Gnó

## Aonad Measúnaithe AS 1

*ag measúnú*

An Gnólacht Iomaíoch

**[AT111]**

*AT111*

AT111

**DÉ hAOINE 11 MEITHEAMH, IARNÓIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Freagair **an dá** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **1**, codanna **(d)** agus **(e)**, agus i gceist **2** codanna **(d)** agus **(e)**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

**COMHAIRLE D'IARRTHÓIRÍ**

Moltar duit na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist a chur san áireamh agus tú ag roinnt an t-am atá ar fáil don scrúdú.

**1** Déan staidéar ar an fhaisnéis thíos agus freagair na ceisteanna a leanann.

**Greggs**




*© Greggs plc*

Tá rún ag Greggs, an tsraith de bhácúis, infheistiú i dtuairim is 600 siopa nua sa RA sna sé nó seacht de bhlianta amach romhainn. Tá 50–60 siopa beartaithe do 2010. Beidh idir £50m agus £60m in aghaidh na bliana ar an leathnú seo. Rinne Greggs go maith sa chúlú, agus bhí an **luach á bhreisiú** trí bhianna éagsúla traidisiúnta a bheith á dtáirgeadh ar phraghsanna iomaíocha. Cuireadh béim is mó ar chustaiméirí fireanna a mhealladh lena raon táirgí 'bia sa siúl'.

Is é Greggs an gníomhaí 'bia sa siúl' is mó ar an Mhórsráid agus tá níos mó ná 1400 asraon cheana féin aige ar fud na tíre. Tá cuid mhór acu seo suite go straitéiseach sna háiteanna a mbíonn tomhaltóirí ag obair agus ag taisteal. Is é Sayers an dara sraith de bhácúis is mó sa RA agus tá 150 siopa aige. Cé go bhfuil níos mó ná 3000 bácús neamhspleách sa RA, ní féidir le formhór na mbácús eile dul san iomaíocht le praghsanna Greggs.

De ghnáth bíonn **baisctháirgeadh** in úsáid ag bácúis neamhspleácha le cainníochtaí measartha beag a bhácáil. Cuireann Scott Jefferson, Stiúrthóir Margaíochta Greggs, síos ar an dóigh a bhfuil Greggs difriúil; "Cionn is gur muid féin a dhéanann formhór mór na dtárgí a dhíolaimid, bíonn smacht iomlán i rith an ama againn ar na costais." Bíonn os cionn cúig mhilliún custaiméir ag an ghnólacht gach seachtain.

Cé go ndíolann Greggs réimse mór de tháirgí éagsúla–ceapairí, blastóga, arán agus cácaí, chomh maith le sainbhianna réigiúnacha, tá an réimse seo á fhorbairt i gcónaí aige. Tá modhanna éagsúla de thaighde margaidh in úsáid aige le haiseolas a fháil ó chustaiméirí. Forbraíodh an Chilli Steak Lattice ar na mallaibh mar gheall ar bhlasanna na gcustaiméirí a bheith ag athrú. Rinneadh tástálacha cuimsitheacha ar bhlas i mbácúis fud fad an náisiúin lena chinntiú go raibh an blas ceart. Arsa Graeme Nash, an Bainisteoir Margaíochta Branda in Greggs, "Éistimid le haiseolas ó na custaiméirí agus tig linn freagairt dó go gasta."

*Arna chur in oiriúnt ó "Greggs savours the taste of million mince pies a week" –* The Times *14ú Eanáir 2010, www.greggs.co.uk/about,*
*"How did Greggs conquer the High Street" – www.news.bbc.co.uk/1/hi/magazine/8330573.stm*

**(a)** Mínigh cad é a chiallaíonn **luach á bhreisiú**, agus úsáid sampla ón chás-staidéar le do fhreagra a léiriú. [4]

**(b)** Mínigh cad é a chiallaíonn **baisctháirgeadh**, agus úsáid sampla ón chás-staidéar le do fhreagra a léiriú. [4]

**(c)** Anailísigh an dóigh a mbíonn Greggs ag iarraidh buntáiste iomaíoch a fháil sa mhargadh aige. [8]

**(d)** Pléigh na buntáistí agus na míbhuntáistí atá ann do ghnólacht amhail Greggs as suirbhéanna idirlín agus fócasghrúpaí a úsáid le taighde margaíochta a dhéanamh. [12]

**(e)** Meas na himpleachtaí a bheidh ann do Greggs mar gheall ar an phlean aige infheistiú a dhéanamh i 50–60 siopa nua sa RA le linn 2010. [12]

**2** Déan staidéar ar an fhaisnéis thíos agus freagair na ceisteanna a leanann.

**Nestlé**

Tá chóir a bheith 7000 duine fostaithe ag Nestlé trasna 23 suíomh sa RA agus in Éirinn. Déanann sé réimse leathan de tháirgí ar a n-áirítear cuid de na bhrandaí is mó a bhfuil dúil iontu sa RA, brandaí amhail **Nescafé**, **KIT KAT**, **Carnation**, **Shredded Wheat**, **Buxton Water**, **Ski** agus **Bakers Dog Food**. Meastar go gcaitear táirgí de chuid Nestlé i dtuairim is 95% de theaghlaigh na RA.

Is in York a dhéantar **KIT KAT**, an briosca seaclaíde is mó díol de chuid Nestlé. Díoltar tuairim is aon bhilliún barra **KIT KAT** sa RA gach bliain. Chocolate Crisp a bhí ar an táirge seo an chéad uair agus forbraíodh é mar mhéarbriosca ceithre bharra in 1935. Tá fás foisteanach ar dhíolacháin ó shin i leith. Bhí a lán cineálacha éagsúla de **KIT KAT** á dtáirgeadh agus sa lá atá inniu ann is féidir na cineálacha seo a leanas a cheannach;

– Méarbhriosca ceithre bharra, bainne agus dubh,

– Méarbhriosca dhá bharra, bainne, miontas, oráiste agus caramal,

– Seacláid ghambach, bainne agus caramal

– **KIT KAT** Senses Caramel Cream

Ba in 1957 a fógraíodh **KIT KAT** ar an teilifís den chéad uair agus an líne íocónach *"Have a Break – Have a KIT KAT*" in úsáid. In 2006, bhog Nestlé branda cáiliúil eile, **Smarties**, ó York go dtí an Ghearmáin lena tháirgeadh, le go bhféadfaí áiseanna táirgthe **KIT KAT** a athchóiriú. Anois, tá a lán codanna den phróiseas déantúsaíochta lán-uathoibrithe. Maíonn Nestlé gur fearr leis forbairt fhadthréimhse gnó de rogha ar bhrabús gearrthréimhse.

Faoi láthair, tá ceannas ag 3 dhéantóir mhóra ar mhargadh seacláide na RA. Cé gur éirigh le Nestlé 20.4% de sciar an mhargaidh a fháil i Samhain 2009, tá sé chun deiridh ar na príomhiomaitheoirí aige Mars agus Cadbury. Ina leithéid de struchtúr margaidh, tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfaighfí an cumasc margaíochta ceart.

*"Atáirgtear ainm agus íomhá "KIT KAT" le caoinchead Société des Produits Nestlé S.A".*

**(a)** Scríobh cuntas gearr ar cad é a chiallaíonn an ghné táirge den chumasc margaíochta, agus úsáid sampla ón chás-staidéar le do fhreagra a léiriú. [4]

**(b)** Mínigh **dhá** fháth a mbíonn ar ghnólacht amhail Nestlé a bheith i gcónaí ag infheistiú in innealra nua. [4]

**(c)** Anailísigh an dóigh a gcuideodh an coincheap de shaolré táirge leis an chinnteoireacht i ngnólacht amhail Nestlé. [8]

**(d)** Meas á úsáidí atá praghasleaisteachas an éilimh, do Nestlé, nuair a chaithfear cinntí gnó a dhéanamh faoi KitKat. [12]

**(e)** Pléigh na himpleachtaí atá ann do Nestlé as a bheith ag feidhmiú i margadh a bhfuil ceannas ag 3 dhéantóir mhóra seacláide air faoi láthair. [12]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

6251.04